# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Páipéar 1 (160 marc)

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| { | **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | } |
| { | | | | } |
| { | **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-3)** marc | } |
| { | | | | } |
| { | **(iii)** | **Iomlán** | = | } |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **18 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc x 5 | = | 10 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **10 + 8** | **=** | **18 marc** |
| **Cuid B:** | **28 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| | **14 + 14** | **=** | **28 marc** |
| **Cuid C:** | **14 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc x 3 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **6 + 8** | **=** | **14 mharc** |

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra 1 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfear tús le clár nua do dhaoine óga ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an tríú lá déag de mhí Mheán Fómhair. *Pé Scéal É* an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Craolfar an clár nua gach Aoine ar a trí a chlog. Ar an gclár, cloisfear plé ar chúrsaí siamsaíochta agus beidh trácht ar imeachtaí ar fud na tíre ag an deireadh seachtaine. Beidh ceol beo agus agallaimh spéisiúla sa stiúideo. Is í Máire Treasa Ní Dhubhghaill a bheidh mar láithreoir ar an gclár seo. Craolfar an clár beo ó stiúideo Chasla. Bígí ag éisteacht.

### Fógra a Dó (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó na múinteoirí Eolaíochta. A scoláirí, tá na múinteoirí Eolaíochta ag lorg fiche scoláire chun páirt a ghlacadh i dtionscadal suimiúil. Is é an aidhm atá leis an tionscadal seo ná suim daoine óga a mhúscailt i gcúrsaí timpeallachta áitiúla. Mar chuid den tionscadal seo, déanfaidh na scoláirí taighde ar na cúiseanna atá le truailliú an aeir sa cheantar seo. Nuair a bheidh an taighde críochnaithe ag na scoláirí, scríobhfaidh siad cuntas ar thorthaí a gcuid oibre agus molfaidh siad réitigh ar an bhfadhbh. Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, tar chuig cruinniú a bheidh ar siúl sa tsaotharlann eolaíochta ag ceathrú chun a haon Déardaoin seo chugainn.

## Cuid B

### Comhrá 1 (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Aoife:** Heileo, a Sheáin. Cad é mar atá tú? Scéal ar bith agat?

**Seán:** Bhuel, a Aoife, tá mé iontach sásta liom féin.

**Aoife:** Cén fáth sin, a Sheáin?

**Seán:** Tá post lánaimseartha faighte agam. Is teagascóir anois mé san ionad aclaíochta sa bhaile mór.

**Aoife:** Cén obair a bhíonn ar siúl agat ann, a Sheáin?

**Seán:** Déanaim amach clár traenála do na baill agus taispeánaim dóibh conas an trealamh a úsáid i gceart.

**Aoife:** An dtaitníonn do phost leat?

**Seán:** Taitníonn cinnte, a Aoife. Is breá liom a bheith ag cuidiú le daoine a gcuid spriocanna folláine a bhaint amach. Tá an tuarastal go maith fosta.

**Aoife:** An bhfuil tú sásta leis na huaireanta oibre atá agat, a Sheáin?

**Seán:** Tá mé sásta go leor leo ach amháin go dtosaím ag obair ar leathuair tar éis a sé dhá mhaidin sa tseachtain.

**An Dara Mír**

**Aoife:** Mar is eol duit, imrím camógaíocht leis an gclub áitiúil ach tá deireadh leis an séasúr anois. Ní dhearna mé aon chleachtadh coirp i ndiaidh dheireadh an tséasúir anuraidh.

**Seán:** Cén fáth nár lean tú ar aghaidh leis an gcleachtadh coirp nuair a bhí séasúr na camógaíochta thart anuraidh, a Aoife?

**Aoife:** Le fírinne, a Sheáin, bhí mé gnóthach leis an staidéar san ollscoil. Chomh maith leis sin, ní bhíodh fonn orm dul amach sna hoícheanta dorcha.

**Seán:** Bhuel, a Aoife, mholfainn duit ballraíocht a fháil san ionad aclaíochta an geimhreadh seo. Tá táille bhallraíochta speisialta ar fáil do mhic léinn. Is é nócha euro an táille speisialta sin do bhallraíocht trí mhí.

**Aoife:** An féidir liom cur isteach ar bhallraíocht ar líne?

**Seán:** Is féidir, cinnte, a Aoife. Tá an fhoirm bhallraíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin an ionaid agus is féidir an táille bhallraíochta a íoc ar líne fosta.

**Aoife:** Go raibh míle maith agat as ucht do chuid cabhrach, a Sheáin. Slán.

## Comhrá 2 (Canúint na Mumhan)

### An Chéad Mhír

**Áine:** Haigh, a Liam. Ní fhaca mé le fada thú. An raibh tú ar saoire?

**Liam:** Bhí. Chaith mé féin agus mo thuismitheoirí cúig seachtaine in Sydney. Tá mo dheirfiúr ina cónaí ann le dhá bhliain anuas.

**Áine:** Cén fáth ar imigh do dheirfiúr go dtí an Astráil?

**Liam:** Bhuel, bhí sí bréan den chostas maireachtála sa tír seo. Chomh maith leis sin, tá deiseanna fostaíochta níos fearr aici thall ansin.

**Áine:** An mbíonn cumha ar do dheirfiúr i ndiaidh an bhaile?

**Liam:** Bíonn, cinnte. Airíonn sí uaithi an baile go minic. Ach is mór an chabhair di an teicneolaíocht mar bíonn sí i dteagmháil linn go rialta ar ghlaonna físe agus ar na haipeanna teachtaireachtaí. Bíonn sí ábalta a bheith i láthair go fíorúil ag ócáidí teaghlaigh.

**Áine:** An mbíonn deis aici bualadh le hÉireannaigh eile in Sydney?

**Liam:** Bíonn, cinnte. Is ball í den chlub Gaelach sa chathair agus buaileann sí le hÉireannaigh eile sa chlub Gaelach sin.

### An Dara Mír

**Áine:** Cé go bhfuil go leor Éireannach ag dul ar imirce go tíortha eile, tá sochaí ilchultúrtha againn anois in Éirinn agus a lán daoine ó thíortha eile ina gcónaí anseo.

**Liam:** Tá an ceart ar fad agat, a Áine. Bhí mé ag féachaint ar chlár faisnéise ar an teilifís le déanaí faoi Maria, bean a d'fhág an Bhrasaíl, a tír dhúchais de bharr easpa deiseanna fostaíochta ansin. Tá sí ina cónaí i Luimneach le trí bliana anuas agus tá sí ag obair i gcomhlacht margaíochta ansin.

**Áine:** Chonaic mé féin an clár sin. Is bean ar leith í Maria, an bhean Bhrasaíleach sin. D'fhreastail sí ar ranganna Gaeilge agus tá Gaeilge mhaith aici anois. Chomh maith leis sin, is breá léi an ceol traidisiúnta agus seinneann sí an fheadóg mhór.

**Liam:** Tá gaiscí déanta ag Maria, a Áine. Nach iontach an rud é go bhfuilimidne ábalta ár dteanga féin agus ár gcultúr saibhir a roinnt le daoine ó thíortha eile atá ina gcónaí anseo in Éirinn?

**Áine:** Tá an ceart ar fad agat, a Liam.

## Cuid C

### Píosa 1 (Canúint Chonnacht)

Sheol an rialtas scéim nua darb ainm 'an Scéim Éarlaise agus Aisíoca' i mí Feabhra na bliana seo caite. Tá an scéim nua seo dírithe ar bhuidéil phlaisteacha dí agus ar channaí alúmanaim dí ar a bhfuil lógó speisialta. Faoin scéim seo, íocann an custaiméir suim bheag airgead breise in éineacht leis an bpraghas atá ar an deoch féin. Faigheann an custaiméir an tsuim bheag airgead breise sin ar ais mar dhearbhán nuair a chuireann sé an buidéal plaisteach folamh nó an canna alúmanaim folamh isteach i gceann de na meaisíní speisialta atá i siopaí agus in ollmhargaí áirithe. Creideann an rialtas go mbeidh torthaí fiúntacha ar an scéim seo, go mbeidh méadú ar na rátaí athchúrsála sa tír agus go mbeidh laghdú ar an méid bruscair sa tír.

### Píosa 2 (Canúint Uladh)

Chuir an eagraíocht Gael Linn cartlann nua grianghraf ar fáil don phobal le gairid. Tugann na grianghraif atá sa chartlann nua léargas ar an obair atá déanta ag an eagraíocht ó bunaíodh í sa bhliain míle naoi gcéad caoga a trí leis an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn. Tógadh na grianghraif atá sa chartlann ag na himeachtaí éagsúla a d'eagraigh Gael Linn i gcaitheamh na mblianta, ina measc siúd, comórtais díospóireachta, féilte ceoil agus amhránaíochta, seoltaí ceirníní agus cúrsaí teanga sa Ghaeltacht. Tá an chartlann ar fáil don phobal ar shuíomh na heagraíochta ag www.gael-linn.ie. Tá súil ag Gael Linn cur le líon na ngrianghraf de réir a chéile.

### Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| [0] | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| ~~ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

**Nótaí:** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála chomh maith.
Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile.
Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, ná glac leis an bhfreagra sa chás go ndéanann an freagra breise an freagra ceart neamhbhailí.

## CUID A (18 marc)

### FÓGRA A hAON (10 marc)

**1.** **(a)** Cé a chuir amach an fógra seo? **2 mharc**

RTÉ Raidió na Gaeltachta = 2 mharc
Raidió na Gaeltachta = 2 mharc
RnaG = 2 mharc
RTÉ = 1 mharc

**(b)** Cén dáta a chuirfear tús leis an gclár nua? **2 mharc**

13 Meán Fómhair = 2 mharc
An tríú lá déag de mhí Mheán Fómhair = 2 mharc
An tríú lá déag de Mheán Fómhair = 2 mharc
13/09 = 2 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a bheidh le cloisteáil ar an gclár. **2 mharc + 2 mharc**

Plé ar chúrsaí siamsaíochta = 2 mharc
Trácht ar imeachtaí ar fud na tíre ag an deireadh seachtaine = 2 mharc
Trácht ar imeachtaí ar fud na tíre = 2 mharc
Trácht ar imeachtaí ag an deireadh seachtaine = 2 mharc
Trácht ar imeachtaí = 1 mharc
Ceol beo = 2 mharc
Agallaimh spéisiúla = 2 mharc
Ceol = 1 mharc
Agallaimh = 1 mharc
Plé = 1 mharc

**3.** Cén ról a bheidh ag Máire Treasa Ní Dhubhghaill sa chlár seo? **2 mharc**

Láithreoir = 2 mharc
Cuirfidh sí an clár i láthair = 2 mharc

### FÓGRA A DÓ (8 marc)

**1.** Cé a chuir amach an fógra seo? **2 mharc**

Na múinteoirí Eolaíochta = 2 mharc
Na múinteoirí = 1 mharc

**2.** **(a)** Cad air a ndéanfaidh na scoláirí taighde mar chuid den tionscadal seo? **2 mharc**

Na cúiseanna atá le truailliú an aeir sa cheantar seo = 2 mharc
Na cúiseanna atá le truailliú an aeir = 2 mharc
Truailliú an aeir sa cheantar seo = 2 mharc
Truailliú an aeir = 1 mharc
Na cúiseanna atá le truailliú sa cheantar seo = 1 mharc

**(b)** Scríobh síos rud **amháin** a dhéanfaidh na scoláirí nuair a bheidh an taighde críochnaithe acu. **2 mharc**

Scríobhfaidh siad cuntas ar thorthaí a gcuid oibre/ar a gcuid taighde/ar an obair/ar an taighde = 2 mharc
Cuntas ar thorthaí/ar a gcuid oibre/ar a gcuid taighde/ar an obair/ar an taighde = 2 mharc
Molfaidh siad réitigh ar an bhfadhb = 2 mharc
Scríobhfaidh siad cuntas = 1 mharc
Molfaidh siad réitigh = 1 mharc
Cuntas = 1 mharc

**3.** Cén t-am a bheidh an cruinniú ar siúl Déardaoin seo chugainn? **2 mharc**

Ceathrú chun a haon = 2 mharc
12.45 = 2 mharc

## CUID B (28 marc)

### COMHRÁ A hAON (14 mharc)

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén post lánaimseartha atá faighte ag Seán? **2 mharc**

Teagascóir san ionad aclaíochta = 2 mharc
Teagascóir = 1 mharc
San ionad aclaíochta = 1 mharc

**2.** Scríobh síos an **dá** chineál oibre a bhíonn ar siúl ag Seán. **2 mharc + 2 mharc**

Déanann sé amach clár traenála (do na baill) = 2 mharc
Taispeánann sé dóibh conas an trealamh a úsáid (i gceart) = 2 mharc
Déanann sé amach clár (do na baill) = 1 mharc
Clár traenála do na baill = 1 mharc
Clár do na baill = 1 mharc
Clár traenála = 1 mharc
Conas an trealamh a úsáid (i gceart) = 1 mharc

**3.** Luaigh cúis **amháin** a dtaitníonn an post le Seán. **2 mharc**

(Is breá leis a bheith) ag cuidiú le daoine a gcuid spriocanna folláine a bhaint amach = 2 mharc
(Is breá leis a bheith) ag cuidiú le daoine = 1 mharc
Ag cuidiú le daoine a gcuid spriocanna a bhaint amach = 2 mharc
Ag cuidiú le daoine a gcuid folláine a bhaint amach = 2 mharc
Tá an tuarastal go maith = 2 mharc
An tuarastal = 2 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos an **dá** chúis nár lean Aoife ar aghaidh leis an gcleachtadh coirp nuair a bhí séasúr na camógaíochta thart anuraidh. **2 mharc** + **2 mharc**

Bhí sí gnóthach leis an staidéar = 2 mharc
Bhí sí gnóthach san ollscoil = 2 mharc
Gnóthach leis an staidéar = 2 mharc

Gnóthach san ollscoil = 2 mharc
Ag staidéar san ollscoil = 2 mharc
Bhí sí gnóthach = 1 mharc
Gnóthach = 1 mharc
An staidéar = 1 mharc
Ní bhíodh fonn uirthi dul amach sna hoícheanta (dorcha) = 2 mharc

**2.** Cén táille bhallraíochta speisialta atá ar fáil do mhic léinn? **2 mharc**

€90 do bhallraíocht trí mhí = 2 mharc
Nócha euro do bhallraíocht trí mhí = 2 mharc
Nócha euro do thrí mhí = 2 mharc
€90 do thrí mhí = 2 mharc
€90 = 1 mharc

**COMHRÁ A DÓ (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá fhad atá deirfiúr Liam ina cónaí in Sydney? **2 mharc**

Le dhá bhliain anuas = 2 mharc
Dhá bhliain = 2 mharc

**2.** Scríobh síos an **dá** chúis ar imigh deirfiúr Liam go dtí an Astráil. **2 mharc + 2 mharc**

Bhí sí bréan den chostas maireachtála sa tír seo = 2 mharc
Bréan den chostas maireachtála sa tír seo = 2 mharc
Bréan den chostas maireachtála = 2 mharc
Costas maireachtála sa tír seo = 2 mharc
Costas maireachtála = 1 mharc
Tá deiseanna fostaíochta níos fearr aici thall ansin/san Astráil = 2 mharc
Deiseanna fostaíochta níos fearr aici thall ansin/san Astráil = 2 mharc
Deiseanna fostaíochta níos fearr = 2 mharc
Deiseanna fostaíochta = 1 mharc

**3.** Tabhair fáth **amháin** a ndeir Liam gur mór an chabhair í an teicneolaíocht dá deirfiúr in Sydney.
**2 mharc**

(Nóta: Sa cheist seo, fágadh an séimhiú ar an ainmfhocal 'deirfiúr' ar lár.)

Bíonn sí i dteagmháil (leo go rialta) ar ghlaonna físe = 2 mharc
I dteagmháil (leo go rialta) ar ghlaonna físe = 2 mharc
Bíonn sí i dteagmháil (leo go rialta) ar na haipeanna teachtaireachtaí = 2 mharc
I dteagmháil ar na haipeanna teachtaireachtaí = 2 mharc
I dteagmháil ar na haipeanna = 2 mharc
Bíonn sí ábalta a bheith i láthair go fíorúil ag ócáidí (teaghlaigh) = 2 mharc
Ábalta a bheith i láthair go fíorúil ag ócáidí (teaghlaigh) = 2 mharc
Ábalta a bheith i láthair go fíorúil/i láthair go fíorúil = 1 mharc
Glaonna físe = 1 mharc
I dteagmháil go rialta = 1 mharc
I dteagmháil le Liam/lena muintir/leo = 1 mharc
Aipeanna teachtaireachtaí/aipeanna = 1 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Cá bhfuil Maria, an bhean Bhrasaíleach, ag obair i Luimneach? **2 mharc**

I gcomhlacht/comhlacht margaíochta = 2 mharc
I gcomhlacht/comhlacht = 1 mharc
Margaíocht = 1 mharc

**2.** Luaigh **dhá** rud a léiríonn gur bean ar leith í Maria, an bhean Bhrasaíleach, dar le hÁine.
**2 mharc + 2 mharc**

D'fhreastail sí ar ranganna Gaeilge = 2 mharc
(Tá) Gaeilge mhaith aici = 2 mharc
(Tá) Gaeilge aici = 1 mharc
Is breá léi an ceol traidisiúnta = 2 mharc
Seinneann sí an fheadóg mhór = 2 mharc
Seinneann sí ceol traidisiúnta = 1 mharc

## CUID C (14 mharc)

### PÍOSA A hAON (6 mharc)

**1.** Cathain a sheol an rialtas 'an Scéim Éarlaise agus Aisíoca'? **2 mharc**

I mí Feabhra na bliana seo caite = 2 mharc
I mí Feabhra anuraidh = 2 mharc
I mí Feabhra 2024 = 2 mharc
Anuraidh = 1 mharc
2024 = 1 mharc

**2.** Cá gcuireann an custaiméir an buidéal plaisteach folamh nó an canna alúmanaim folamh?
**2 mharc**

I gceann de na meaisíní speisialta atá i siopaí (áirithe) = 2 mharc
I gceann de na meaisíní speisialta atá in ollmhargaí (áirithe) = 2 mharc
I gceann de na meaisíní speisialta = 1 mharc
I meaisín speisialta/sna meaisíní speisialta = 1 mharc

**3.** Scríobh síos toradh fiúntach **amháin** a chreideann an rialtas a bheidh ar an scéim seo. **2 mharc**

Méadú ar na rátaí athchúrsála = 2 mharc
Laghdú ar an méid bruscair = 2 mharc
Méadú ar an athchúrsáil = 2 mharc
Laghdú ar an mbruscar = 2 mharc

### PÍOSA A DÓ (8 marc)

**1.** Cén eagraíocht a chuir an chartlann nua grianghraf ar fáil le gairid? **2 mharc**

Gael Linn = 2 mharc

**2.** Cén fáth ar bunaíodh an eagraíocht sin? **2 mharc**

An Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn = 2 mharc
An Ghaeilge a chur chun cinn = 1 mharc
An cultúr Gaelach a chur chun cinn = 1 mharc

**3.** Scríobh síos **dhá** imeacht ag ar tógadh na grianghraif atá sa chartlann. **2 mharc + 2 mharc**

Comórtais díospóireachta = 2 mharc
Féilte ceoil agus amhránaíochta = 2 mharc + 2 mharc
Féilte ceoil = 2 mharc
Féilte amhránaíochta = 2 mharc
Seoltaí ceirníní = 2 mharc
Cúrsaí teanga sa Ghaeltacht = 2 mharc
Comórtais = 1 mharc
Féilte = 1 mharc
Seoltaí = 1 mharc
Díospóireacht = 1 mharc
Cúrsaí teanga/Gaeilge = 1 mharc
Cúrsaí sa Ghaeltacht = 1 mharc

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

**A.** Aiste **nó** Alt Nuachtáin/Irise

**B.** Scéal

**C.** Díospóireacht/Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar bailí/fiúntach agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| | |
|---|---|
| An Measúnú | An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de? |
| An Aicme sa chatagóir | Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard/ meánach/íseal. |
| An Marc | Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin. |

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Tic | Eolas bailí/ceart/ábhartha lena ngabhann fiúntas |
| ✗ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| ^ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |
| ~~~ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/ litrithe |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh an phíosa/an ailt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| ⸾ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **S1** | Iarracht easnamhach | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S2** | Iarracht easnamhach | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S3** | Iarracht easnamhach | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S4** | Iarracht easnamhach | Easnamhach i gcás A (a), A (d), A (e) agus C (b) |

**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

**Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc)**

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

**Ionramháil Ábhair (15 mharc)**

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

| **Aicme** | **Marc** |
|---|---|
| Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách) | 13, 14, 15 |
| Ionramháil an-mhaith | 11, 12 |
| Ionramháil mhaith | 9, 10 |
| Ionramháil mheasartha | 6, 7, 8 |
| Ionramháil lag/bhearnach | 3, 4, 5 |
| Ionramháil an-lag (easnamhach) | 0, 1, 2 |

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge.
Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

**Cumas Gaeilge (80 marc)**

(i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

(ii) Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá** ghné i gceist sa Chumas Gaeilge:

| **Stór Gaeilge agus dul na teanga** | **Beachtas/Cruinneas na Gaeilge** |
|---|---|
| • Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil<br>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú<br>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra<br>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí | Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:<br>• Aimsirí na mbriathra<br>• Litriú<br>• Séimhiú<br>• Urú<br>• An Chlaoninsint<br>• Réamhfhocail<br>• Díochlaontaí na n-ainmfhocal |

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir mórbhotúin chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí agus litrithe.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:
*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil ábhartha cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábhartha sin. D’fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós ar an iarracht. Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad ábhartha, cuirtear lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil ábhartha agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/ an ailt sin. Cuirtear líne chorrach cheartingearach ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach bhfuil ábhartha.

| | Catagóir | Aicme | Raon marcanna |
|---|---|---|---|
| **1. Stór Gaeilge**<br>**2. Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith<br>• Cruinneas sármhaith (den chuid is mó) | **Sármhaith** | Ard | 76-80 marc |
| | | Meánach | 72-75 marc |
| | | Íseal | 68-71 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith<br>• Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó) | **An-mhaith** | Ard | 64-67 marc |
| | | Meánach | 60-63 marc |
| | | Íseal | 56-59 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith<br>• Cruinneas maith (den chuid is mó) | **Maith** | Ard | 52-55 marc |
| | | Meánach | 48-51 marc |
| | | Íseal | 44-47 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha<br>• Cruinneas measartha (den chuid is mó) | **Measartha** | Ard | 40-43 marc |
| | | Meánach | 36-39 marc |
| | | Íseal | 32-35 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag<br>• Cruinneas lag (den chuid is mó) | **Lag** | Ard | 28-31 marc |
| | | Meánach | 24-27 marc |
| | | Íseal | 20-23 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag<br>• Cruinneas an-lag (den chuid is mó) | **An-lag** | Ard | 16-19 marc |
| | | Meánach | 12-15 marc |
| | | Íseal | 8-11 marc |
| | | An-íseal | 0-7 marc |

**An Grádú Marcála (iarrachtaí easnamhacha)**

| Siombailí Anótála | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| **S1** | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (4)<br>Ábhar (13)<br>Gaeilge (68) |
| **S2** | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (3)<br>Ábhar (11)<br>Gaeilge (56) |
| **S3** | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (2)<br>Ábhar (9)<br>Gaeilge (44) |
| **S4** | Easnamhach i gcás A (a), A (d), A (e) agus C (b) | Stíl (5)<br>Ábhar (10)<br>Gaeilge (54) |

**Nóta:** Cuirtear an tsiombail anótála chuí ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

## Páipéar 2 (200 marc)

| Ceist 1 | LÉAMHTHUISCINT | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair Léamhthuiscint A **agus** Léamhthuiscint B.
Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.
Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a) agus ceithre mharc le cuid (b). Tá dhá mharc ar (b)(i) agus dhá mharc ar (b)(ii).
Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.
Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.
Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | Luach 6 mharc |
| [O] | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ʌ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| _ | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| **Iom** | Iomarcaíocht | Eolas iomarcach |
| **[ ]** | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh abairte/abairtí a thógtar díreach as an sliocht i gcás Cheist 6 (b) |
| **P1** | Pointe eolais 1 | Léamhthuiscint A agus B, Ceist 6 (b) |
| **P2** | Pointe eolais 2 | Léamhthuiscint A agus B, Ceist 6 (b) |

## LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)

### Rory Gallagher – Laoch ceoil

**1.** **(a)** Tabhair **dhá** chúis ar mhúscail díolachán uirlisí ceoil Rory Gallagher spéis mhór i measc lucht leanúna an rac-cheoil agus bailitheoirí earraí cuimhneacháin araon. (Alt 1)

(**Dhá** chúis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Tá cáil dhomhanda ar Gallagher mar dhuine de na giotáraithe is cumasaí (san fhichiú haois)
- Bhí a ábhar cuimhneacháin i dtaisce ó fuair sé bás (beagnach tríocha bliain roimhe sin)

**(b)** **(i)** Cén fáth ar shantaigh Rory an giotár leictreach Fender Stratocaster? (Alt 1) **{2 mharc}**

- Bhí sé cosúil leis an gceann a bhí ag Buddy Holly, réalta mhór i stair an rac-cheoil a bhí ina laoch aige = 2 mharc
- Bhí sé cosúil leis an gceann a bhí ag Buddy Holly a bhí ina laoch aige = 2 mharc
- Bhí sé cosúil leis an gceann a bhí ag Buddy Holly = 1 mharc

**(ii)** Scríobh síos cúis **amháin** a gcuirfear giotár íocónach Fender Stratocaster Rory Gallagher ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann. (Alt 1) **{2 mharc}**

- Mar chomóradh ar éachtaí an cheoltóra/Rory = 2 mharc
- Mar chomóradh ar Rory = 1 mharc
- Mar ábhar inspioráide do dhíograiseoirí ceoil = 2 mharc
- Mar ábhar inspioráide = 1 mharc

**2.** **(a)** Scríobh síos **dhá** rud a léiríonn go raibh féith an cheoil i dtuismitheoirí Rory. (Alt 2)

(**Dhá** rud) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Rud amháin faoi fhéith an cheoil ina athair agus an dara rud faoi fhéith an cheoil ina mháthair

**Athair Rory**
- Sheinneadh a athair an bosca ceoil i mbanna céilí
- Sheinneadh a athair an bosca ceoil
- Sheinneadh a athair i mbanna céilí

**Máthair Rory**
- Amhránaí maith ba ea a mháthair

**(b)** **(i)** Cén tábhacht a bhain leis an stáisiún raidió AFN i saol Rory? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Ba ar an stáisiún sin a chuala Rory (an seánra ceoil ar a dtugtar) na gormacha den chéad uair = 2 mharc
- Ba ar an stáisiún sin a chuala Rory (an seánra ceoil ar a dtugtar) na gormacha = 1 mharc

**(ii)** Cad a dhéanadh Rory a tharraingíodh aird na ndaoine a bhíodh bailithe os comhair an tsiopa i gceantar an Diama**i**nt i nDoire? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Bhíodh sé ag canadh leis na bannaí a bhíodh ag seinm ar an scáileán teilifíse = 2 mharc

**3.** **(a)** Cén fáth a raibh ceannach an ghiotáir Fender Stratocaster tábhachtach do Rory? (Alt 3)

**{3 mharc}**

- Ba é an Fender Stratocaster sin príomhuirlis a cheirde ar feadh a shaoil = 3 mharc
- Ba é an Fender Stratocaster sin príomhuirlis a cheirde = 2 mharc

**(b) (i)** Cén sárchumas a bhí sa ghrúpa Taste a thuill cáil dóibh? (Alt 3) **{2 mharc}**

- Chun gnéithe den rac-cheol a mheascadh leis na gormacha chun fuaim uathúil a chruthú = 2 mharc
- Chun gnéithe den rac-cheol a mheascadh leis na gormacha = 1 mharc

**(ii)** Cad a tharla don ghrúpa Taste in 1970? (Alt 3) **{2 mharc}**

- Thit an grúpa Taste as a chéile de bharr teannas inmheánach = 2 mharc
- Thit an grúpa Taste as a chéile = 2 mharc

**4. (a)** Luaigh **dhá** bhealach a dtéadh Rory Gallagher i gcion go mór ar a lucht féachana ag a chuid ceolchoirmeacha beo. (Alt 4) (**Dhá** bhealach) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Lena theacht i láthair pléascach (ar an stáitse)
- Lena mháistreacht chun ceol corraitheach a sheinm ar an ngiotár/ar an Fender Stratocaster
- Leis an anamúlacht a bhí ina chuid amhránaíochta

**(b) (i)** Scríobh síos rud **amháin** a léiríonn an t-ardmheas a bhí ar Rory i saol an rac-cheoil faoin mbliain 1974. (Alt 4) **{2 mharc}**

- Bhíodh sé ag dul ar camchuairteanna chuig ionaid mhóra cheoil (ar fud an domhain)
- Bhíodh sé ina phríomhaoi ag féilte móra ceoil
- Bhí ardmholadh á fháil aige ó cheoltóirí mór le rá/ó Eric Clapton/ó Bob Dylan

**(ii)** Conas a thaispeántar go raibh ráchairt mhór ar an albam *Live in Europe* (1972) nuair a eisíodh é? (Alt 4) **{2 mharc}**

- Bhí sé i measc na ndeich n-albam is mó díol i gcairteacha na Breataine = 2 mharc
- Bhí sé i measc na ndeich n-albam is mó díol = 1 mharc

**5. (a)** Scríobh síos **dhá** dhúshlán a chruthaigh tionscal an cheoil do Rory Gallagher mar ealaíontóir. (Alt 5) (**Dhá** dhúshlán) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Ba thábhachtaí do Rory a bheith dílis d'ealaín an cheoil ná airgead a thuilleamh = dúshlán amháin
- Níor mhian leis clú agus cáil a bheith air = dúshlán amháin
- Chuaigh a sceideal dian camchuairteanna agus a dhíograis dá cheird i bhfeidhm ar a shláinte = dhá dhúshlán

**(b) (i)** Scríobh síos **dhá** chomhartha ómóis do Rory Gallagher atá in Éirinn. (Alt 5) (**Dhá** chomhartha ómóis) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Ainmníodh amharclann i gCorcaigh as = 1 mharc
- Tá dealbha comórtha ina onóir i mBéal Átha Seanaidh agus i mBéal Feirste = dhá chomhartha ómóis = 1 mharc + 1 mharc
- Tá giotár ar nós Fender Sratocaster Rory feistithe ar bhalla i mBarra an Teampaill = 1 mharc

**(ii)** Cad a rinne an comhlacht Fender sa bhliain 1998 chun ómós a thabhairt do Rory? (Alt 5) **{2 mharc}**

- Chuir an comhlacht Fender líon áirithe giotár macasamhlach bunaithe ar Stratocaster Rory ar an margadh = 2 mharc

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 4. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 1: cuirfear
Sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 4: féachana, amhránaíocht(a), ceardaíocht(a), Breatain(e)

**(b)** 'Ceoltóir as an ngnáth ba ea Rory Gallagher.' Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht a léiríonn fírinne an ráitis sin, dar leat. (Is leor **60** focal.) **{6 mharc + 6 mharc}**

**Dhá** phointe eolais = **6** mharc + **6** mharc
Pointe eolais **1 (P1)** = Míniú/léiriú ar an bpointe eolais, **i d'fhocail féin = 6** mharc
Pointe eolais **2 (P2)** = Míniú/léiriú ar an bpointe eolais, **i d'fhocail féin = 6** mharc

**Treoir**
Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar
Tá '**dhá** phointe eolais as an sliocht' agus '**i d'fhocail féin**' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Pointí eolais féideartha**
- Tá aithne air ar fud an domhain mar sheinnteoir iontach ceoil ar an ngiotár…ba léir go raibh spéis ag a lán leanúnaithe ceoil agus caomhnóirí ina chuid uirlisí ceoil i ndiaidh a bháis…
- D'fhoghlaim sé liricí amhrán as a stuaim féin agus é an-óg…chuireadh sé iontas ar dhaoine toisc liricí na n-amhrán go léir a bhí le cloisteáil ar an teilifís a bheith ar eolas aige…thugadh sé taispeántas ceolmhar…
- Cheannaigh sé an giotár leictreach Fender Stratocaster nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois… é tógtha leis an laoch ceoil cáiliúil, Buddy Holly…chaitheadh sé tamall fada ag cleachtadh ceoil sa bhaile…
- Tharraing cumas eisceachtúil Gallagher ar an ngiotár agus mar phríomhamhránaí lucht leanúna mór chuig an mbanna Taste…
- Théadh sé i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana le linn a chuid ceolchoirmeacha de bharr an fhuinnimh agus an phaisin don cheol a thaispeáin sé…bhí sé in ann ceol draíochtúil a bhaint as an ngiotár…beogacht ina chuid amhránaíochta…
- Thug ceoltóirí mór le rá moladh agus ómós dó…chaith sé seal ag seinm ceoil leis an mbanna ceoil aitheanta The Rolling Stones…
- Tá meas air mar dhuine de na ceoltóirí gormacha-rac is fearr san fhichiú haois…
- Fíorcheoltóir ba ea é…ní raibh dúil ag Gallagher sa cháil/san airgead…é tógtha go hiomlán le ceird an cheoil…dhiúltaigh sé don chlú agus don saibhreas…é tiomanta do ghairm an cheoltóra…
- Tá a chuid ceoil fós fíorthábhachtach d'éinne a bhfuil fonn air a bheith ina ghiotáraí rac-cheoil…
- Is iomaí siombail atá ar fud na tíre i gcuimhne air/chun a ainm a choimeád i mbéal an phobail…amharclann, dealbha cuimhneacháin, giotár ar aon dul le ceann Rory greamaithe de bhalla i mBarra an Teampaill…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na pointí eolais thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de phointí eolais féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)**

**Cúrsaí Spóirt in Éirinn**

**1. (a)** Cén fáth arb iad na Cluichí Oilimpeacha in 2024 na Cluichí Oilimpeacha is rathúla a bhí ag aon fhoireann Oilimpeach as Éirinn riamh? (Alt 1) **{3 mharc}**

- D'éirigh leo seacht mbonn san iomlán a bhuachan, an líon is mó bonn a bhuaigh aon fhoireann Oilimpeach as Éirinn (go dtí seo) = 3 mharc
- D'éirigh leo seacht mbonn san iomlán a bhuachan = 2 mharc
- D'éirigh leis na lúthchleasaithe iontacha sin boinn a bhuachan sa snámh, sa rámhaíocht, sa dornálaíocht agus sa ghleacaíocht = 2 mharc

**(b) (i)** Cén t-éacht speisialta a rinne an dornálaí Kellie Harrington agus na rámhaithe Paul O'Donovan agus Fintan McCarthy ag na Cluichí Oilimpeacha i bPáras? (Alt 1) **{2 mharc}**

- D'éirigh leo bonn óir a bhuachan den dara huair as a chéile = 2 mharc
- D'éirigh leo bonn óir a bhuachan den dara huair = 1 mharc

**(ii)** Cén fáth ar moladh lúthchleasaithe Parailimpeacha uile na hÉireann a bhí san iomaíocht ag na Cluichí Parailimpeacha anuraidh? (Alt 1) **{2 mharc}**

- As na sárthaispeántais go léir a thug siad = 2 mharc
- As an misneach a thaispeáin siad = 2 mharc
- As na sárthaispeántais = 1 mharc
- As an misneach = 1 mharc

**2. (a)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an spórt. (Alt 2)
(**Dhá** bhuntáiste) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

- Is bealach iontach é an spórt chun sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach an duine a fheabhsú = 2 bhuntáiste
- Cuireann an spórt deiseanna ar fáil chun bualadh le daoine agus chun daoine a thabhairt
- le chéile = 2 bhuntáiste
- Is féidir leis an spórt scileanna tábhachtacha saoil a mhúineadh do na rannpháirtithe = buntáiste amháin
- Is bealach iontach é an spórt chun sláinte fhisiciúil an duine a fheabhsú = buntáiste amháin
- Is bealach iontach é an spórt chun folláine mheabhrach an duine a fheabhsú = buntáiste amháin
- Cuireann an spórt deiseanna ar fáil chun bualadh le daoine = buntáiste amháin
- Cuireann an spórt deiseanna ar fáil chun daoine a thabhairt le chéile = buntáiste amháin

**(b) (i)** Tabhair **dhá** shampla de ghníomhaíochtaí coirp a dhéanann daoine mar chaitheamh aimsire. (Alt 2) (**Dhá** shampla) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Bíonn daoine ina mball d'ionad aclaíochta = 1 mharc
- (Glacann siad páirt i) ranganna aclaíochta = 1 mharc
- Spreagann na cosáin siúil **agus** rothaíochta atá forbartha ar fud na tíre daoine le bheith gníomhach amuigh faoin aer = 1 mharc + 1 mharc
- Ag rothaíocht = 1 mharc
- Ag siúl = 1 mharc

**(ii)** Cad air a mbíonn an bhéim sa spórt iomaíoch? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Ar an bhfeidhmíocht agus ar thorthaí = 2 mharc
- Ar an bhfeidhmíocht = 1 mharc
- Ar thorthaí = 1 mharc

**3. (a)** Cén aidhm atá ag Cumann Lúthchleas Gael, ag Cumann Camógaíochta agus ag Cumann Pheil na mBan? (Alt 3) **{3 mharc}**

- Na cluichí Gaelacha a chothú agus a fhorbairt (ar fud na tíre) = 3 mharc
- Na cluichí Gaelacha a chothú = 2 mharc
- Na cluichí Gaelacha a fhorbairt = 2 mharc

**(b) (i)** Scríobh síos slí **amháin** a bhfuil clubanna Chumann Lúthchleas Gael tábhachtach i bpobail ar fud na tíre. (Alt 3) **{2 mharc}**

- Cuireann na clubanna sin deiseanna ar fáil do dhaoine a bheith páirteach sna cluichí ar gach leibhéal = 2 mharc
- Bíonn daoine eile ag obair ar bhonn deonach leis na clubanna a reáchtáil **nó** a choinneáil ar bun = 2 mharc
- Éiríonn leis na clubanna mórtas ceantair a spreagadh = 2 mharc
- Is ócáidí sóisialta iad na cluichí don lucht féachana = 2 mharc

**(ii)** Cad atá beartaithe ag Spórt Éireann maidir le cosaint na hiománaíochta agus na camógaíochta? (Alt 3) **{2 mharc}**

- Dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara chun tionscnaimh a fhorbairt chun na cluichí sin a chosaint do na glúnta atá le teacht = 2 mharc
- Dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara chun tionscnaimh a fhorbairt chun na cluichí sin a chosaint = 1 mharc
- Dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara chun tionscnaimh a fhorbairt = 1 mharc
- Tionscnaimh a fhorbairt chun na cluichí sin a chosaint do na glúnta atá le teacht = 1 mharc

**4. (a)** Scríobh síos ceann de phríomhaidhmeanna an rialtais atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, 2018 – 2027. (Alt 4) **{3 mharc}**

- Rannpháirtíocht sa spórt do chách a mhéadú = 3 mharc
- Rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú = 1 mharc

**(b) (i)** Tabhair **dhá** shampla a léiríonn go bhfuil an bhearna rannpháirtíochta idir na hinscní ag cúngú i gcúrsaí spóirt. (Alt 4) (**Dhá** shampla) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Tá níos mó ban agus cailíní ná riamh ag glacadh páirt i ngníomhaíocht choirp = 1 mharc
- Tá níos mó ban ina gcóitseálaithe = 1 mharc
- Tá níos mó ban ina láithreoirí ar chláir spóirt = 1 mharc
- Tá níos mó ban ina n-ionadaithe ar bhoird eagraíochtaí spóirt = 1 mharc

**(ii)** Cén toradh a bheidh ar an obair go léir leis na grúpaí éagsúla sa tír, de réir an rialtais? (Alt 4) **{2 mharc}**

- Go mbeidh deiseanna agus áiseanna spóirt níos fearr ar fáil do phobal uile na tíre = 2 mharc
- Go mbeidh deiseanna spóirt níos fearr ar fáil do phobal uile na tíre = 2 mharc
- Go mbeidh áiseanna spóirt níos fearr ar fáil do phobal uile na tíre = 2 mharc

- Go mbeidh deiseanna agus áiseanna spóirt níos fearr ar fáil = 1 mharc

**5. (a)** Cén úsáid a bhainfear as na deontais a fógraíodh faoi mhaoiniú an rialtais de €230 milliún faoin gCiste Áiseanna Spóirt Pobail? (Alt 5) **{3 mharc}**

- Méadófar ar líon agus ar cháilíocht na n-áiseanna spóirt i ngach pobal ar fud na tíre = 3 mharc
- Méadófar ar líon na n-áiseanna spóirt i ngach pobal ar fud na tíre = 2 mharc
- Méadófar ar cháilíocht na n-áiseanna spóirt i ngach pobal ar fud na tíre = 2 mharc
- Méadófar ar líon agus ar cháilíocht na n-áiseanna spóirt = 2 mharc

**(b) (i)** Luaigh **dhá** rud a sholáthraítear ar an gCampas Náisiúnta Spórt do na lúthchleasaithe ardfheidhmíochta. (Alt 5) (**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Áiseanna traenála den chéad scoth = 1 mharc
- Na cóitseálaithe is fearr = 1 mharc
- Foirne tacaíochta = 1 mharc

**(ii)** Scríobh síos **dhá** rud atá ag teastáil chun córas spóirt éifeachtach a fhorbairt ar mhaithe le muinín an phobail ann a chinntiú. (Alt 5) (**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Timpeallachtaí sábháilte = 1 mharc
- Dea-chleachtais a chur chun cinn = 1 mharc
- (Caithfear) cúrsaí spóirt ar gach leibhéal a reáchtáil ar bhonn cothrom = 1 mharc
- Go gcaithfidh gach duine sa chóras spóirt go measúil le daoine eile = 1 mharc

**6. (a)** Aimsigh sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 4 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**
Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 4: níos mó, níos fearr
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 5: fógraíodh

**(b)** 'Tá dul chun cinn maith á dhéanamh i gcúrsaí spóirt in Éirinn.' Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht a léiríonn fírinne an ráitis sin, dar leat. (Is leor **60** focal.)

**Dhá** phointe eolais = **6** mharc + **6** mharc
Pointe eolais **1 (P1)** = Míniú/léiriú ar an bpointe eolais, **i d'fhocail féin = 6** mharc
Pointe eolais **2 (P2)** = Míniú/léiriú ar an bpointe eolais, **i d'fhocail féin = 6** mharc

**Treoir**
Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar
Tá '**dhá** phointe eolais as an sliocht' agus '**i d'fhocail féin**' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Pointí eolais féideartha**
- An rath a bhí ar fhoireann na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha in 2024…níos mó bonn buaite acu…gaiscí na lúthchleasaithe Parailimpeacha…
- Níos mó daoine ag glacadh páirt in imeachtaí gníomhaíochta fisiciúla…
- An bhearna idir na hinscní ag cúngú…dul chun cinn i gcás rannpháirtíocht na mban agus

na gcailíní i gcúrsaí spóirt…

- An tábhacht a bhaineann leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt…aidhmeanna an rialtais faoin mbliain 2027…
- Níos mó deontas ón rialtas…an infheistíocht bhreise…
- Iarrachtaí móra chun na grúpaí éagsúla sa tír a spreagadh chun a bheith gníomhach…
- Na lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil dóibh…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**An Litríocht**

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha<br>Obair lena ngabhann fiúntas |
| # | Haischlib | Eolas míchruinn/mícheart/nach mbaineann le hábhar |
| ✖ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| ﹏ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⦚ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| – | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| eas | Eolas easnamhach | Níor pléadh an ráiteas ina iomláine |
| 0 | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| ✔6 | Faisnéis bhailí | Luach 6 mharc |
| ✔7 | Faisnéis bhailí | Luach 7 marc |
| **P1 agus P2** | Pointe eolais 1 agus Pointe eolais 2 | Pointe eolais atá bailí/ceart/ábhartha/fiúntach |

| Ceist 2 | PRÓS | 30 marc |
|---|---|---|

| PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH | 30 marc |
|---|---|

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

| Catagóir | Eolas | (25 marc) | (18 marc) |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | 16-18 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | 13-15 |
| **Maith** | Plé maith ar an ráiteas<br>Smaointe agus pointí eolais forbartha go maith | 14-17 | 10-12 |
| **Measartha** | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 10-13 | 7-9 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | 0-6 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A. Prós Ainmnithe**
Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a)** Freagair an cheist thíos ar an ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**
'Tugtar léiriú dúinn sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc* ar Lisín, bean a bhfuil go leor cúiseanna ceiliúrtha aici agus nach mbíonn riamh díomhaoin.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 25 marc**
**Treoir: Dhá** ghné le plé: Lisín, bean a bhfuil go leor cúiseanna ceiliúrtha aici agus nach mbíonn riamh díomhaoin
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Bhí Lisín sásta…bheadh ócáid iontach á ceiliúradh aici i gceann seachtaine – í féin agus Pól fiche bliain pósta…bheadh an ceiliúradh go haoibhinn…
- Bhí caithréim bainte amach aici, dar léi féin – phós sí Pól nuair nach raibh ann ach 'ógánach anabaí, gan maoin ná uaillmhian'…é ag obair i siopa ag an am sin…
- D'aithin Lisín na féidearthachtaí a bhí i bPól, an buachaill aineolach seo agus anois, fear saibhir, léannta a bhí ann…é ina léachtóir i gcúrsaí gnó san ollscoil…bhí a lán airgid déanta aige ó bheith ag ceannach stoc ar an idirlíon…bhí árasáin agus tithe aige ar fud na hEorpa freisin agus cíos á bhailiú aige uathu…
- Bhí meas ag cách ar Phól agus ar Lisín agus bhí clann mhac cliste agus dathúil acu…
- Bhí teach galánta ag an gclann ar bhóthar faiseanta – Ascaill na Fuinseoige…bhí stádas ag baint le bheith i do chónaí ar an mbóthar sin…bhí caighdeán ard ar an mbóthar sin…bhí rud éigin sa bhreis ag Lisín ar na mná eile ar an mbóthar, bhí sí níos faiseanta agus níos néata ná aon duine eile…i mbeagán focal, bhí sí foirfe…
- Bean tí den scoth ba ea Lisín agus bhíodh an teach i gcónaí néata agus álainn cosúil léi féin…
- Bhí an chuma ar Lisín go raibh sí ina hógbhean fós…bhí sí tanaí agus bhí gruaig fhionn fhada uirthi…ní chreidfeá go raibh sí fiche bliain pósta mar a dúirt an tUasal Mac Gabhann le Ruán…
- Ní raibh post aici…cén fáth a mbeadh?...bhí ag éirí go sármhaith le Pól…bhí raidhse mhór airgid ag Pól um an dtaca seo agus bhí an t-airgead infheistithe aige sa chaoi nach raibh air mórán cánach a íoc…
- Ní raibh Lisín riamh díomhaoin…bhí sí gnóthach ag ullmhú don chóisir…bhí gach rud idir lámha aici…péint nua ar na ballaí, snas ar na hurláir, bláthanna sna prócaí, an reoiteoir lán le pióga, le hispíní, le bradán agus le harán lámhdhéanta…an dara reoiteoir tógtha ar cíos aici agus é lán le rudaí deasa…
- Bhí a lán rudaí ar siúl aici…bhí sí ina ball de mhórán eagraíochtaí agus clubanna – club leabhar agus garraíodóireachta, clubanna a rinne dea-obair ar son daoine bochta, clubanna a d'eagraigh léachtaí ar stair áitiúil, ar gheolaíocht áitiúil agus ar litríocht áitiúil…
- D'fhreastail sí ar ranganna teanga – Spáinnis, Rúisis, Sínis, Seapáinis…
- Bhí suim aici i scannáin agus i ndrámaí…
- Bean spéisiúil ba ea Lisín…bhí sí ábalta labhairt ar aon ábhar faoin ngrian…

**nó**

**(b)** Freagair an cheist thíos ar an scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

'Tugtar léiriú dúinn sa scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg* ar Oisín, laoch dílis a fhágtar croíbhriste ag deireadh a shaoil.'

Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar Oisín mar laoch dílis atá fágtha croíbhriste ag deireadh a shaoil.

**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Feicimid chomh dílis is a bhí Oisín dá athair agus do na Fianna nuair a bhí sé ag fágáil slán leo nuair a mheall Niamh é go Tír na nÓg…shil na deora go fras anuas le grua Oisín agus phóg sé a athair go caoin…
- Bhí brón ar Oisín ag fágáil an tsaoil a bhí aige leis na Fianna ina dhiaidh…b'iomaí lá aoibhinn a bhí acu ag imirt fichille, ag ól, ag éisteacht le ceol, ag seilg agus ag fáil an bhua ar a naimhde…
- Nuair a chuir Niamh faoi gheasa é, bhí Oisín fíordhílis di freisin…bhí turas eachtrúil ag an mbeirt acu go Tír na nÓg agus thaispeáin sé do Niamh chomh huasal, cróga is a bhí sé nuair a bhain sé an ceann den fhathach, Fómhar Builleach, agus lig sé iníon Rí na mBeo saor…
- Pósadh Oisín agus Niamh agus chaith siad saol aoibhinn i dTír na nÓg gan meath ná éag ná easpa orthu…
- Bhí beirt mhac acu – Fionn agus Oscar agus iníon álainn, Plúr na mBan…bhí Oisín dílis dá chlann álainn ach faoi dheireadh, tháinig uaigneas air agus shantaigh sé Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís…d'iarr sé an capall bán ar Niamh chun go dtabharfadh sé cuairt ar Éirinn…
- Bhí Niamh buartha nach bhfillfeadh Oisín ar Thír na nÓg agus thug sí trí rabhadh dó gan a chos a chur ar thalamh na hÉireann mar dá ndéanfadh sé é sin, ní fhillfeadh sé go brách ar Thír na nÓg…d'fhógair Niamh dó nach raibh Éire mar a bhí sí nuair a d'fhág sé í agus nach bhfeicfeadh sé Fionn ná na Fianna…bhí leisce ar Oisín focail Neimhe a chreidiúint…
- Nuair a tháinig Oisín i dtír in Éirinn, bhuail eagla é nach raibh Fionn beo…casadh marcshlua air a d'inis dó nach raibh Fionn ná na Fianna beo…dúirt siad leis go raibh 'seanchas orthu ag lucht scéalaíochta'…bhí tuirse agus cumha air…nuair a shroich sé áras Fhinn (Almhain Laighean), ní raibh ann ach fiailí agus neantóga…bhuail eagla agus fíorbhrón é…thug sé aghaidh ansin ar ghnáthbhailte na Féinne…shroich sé Gleann na Smól…nuair a thit sé den chapall i nGleann na Smól, d'iompaigh sé ina sheanduine dall gan neart…
- Bhí Oisín fágtha croíbhriste idir an dá shaol ag an deireadh…Fionn agus na Fianna marbh agus ní bheidh sé in ann Niamh ná a pháistí a fheiceáil riamh arís mar gur leag sé cos ar thalamh na hÉireann…
- Tá íomhá fhíorbhrónach d'Oisín ag an deireadh agus é ag iarraidh go dtabharfaí a bhéile ar leataobh dó 'óir ní lucht comhaimsire dom na daoine anois'…
- Thoiligh Naomh Pádraig Oisín a thabhairt leis ar a thurais ar fud na hÉireann…thoiligh Oisín dul leis mar gur shantaigh sé gach cearn agus gach baile ina mbíodh na Fianna a shiúl arís…

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar an gcineál duine atá sa phríomhcharachtar (sa phríomhphearsa) mar a léirítear an duine sin sa ghiota.

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.* **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Plé a dhéanamh ar an gcineál duine atá sa phríomhcharachtar (sa phríomhphearsa) mar a léirítear an duine sin sa ghiota ag baint úsáide as tagairtí cruinne don ghiota as an úrscéal roghnach.

**nó**

**(b)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar iompar agus ar mheon an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) ó thús deireadh an scéil béaloidis sin.

*Ní mór teideal an scéil béaloidis sin a scríobh síos go cruinn.* **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Plé a dhéanamh ar an léargas a thugtar dúinn ar iompar agus ar mheon an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) ag baint úsáide as tagairtí cruinne don scéal béaloidis sin.
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

| **Ceist 3** | **FILÍOCHT** | **30 marc** |
|---|---|---|

| **FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH** | **30 marc** |
|---|---|

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

**3A. Filíocht Ainmnithe**
Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) An Spailpín Fánach**

**(i)** Sa dán *An Spailpín Fánach*, baintear úsáid as íomhánna chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú dúinn.' É sin a phlé. **Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar dhá íomhá ar a laghad chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú dúinn. Gan ach íomhá **amháin** luaite agus pléite, marcáiltear an t-eolas as 10 marc.

| Catagóir | An plé | (13 mharc) | (10 marc) |
|---|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith ar an úsáid a bhaintear as íomhánna chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú | 12-13 | 9-10 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith ar an úsáid a bhaintear as íomhánna chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú | 10-11 | 8 |
| Maith | Plé maith ar an úsáid a bhaintear as íomhánna chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú | 8-9 | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha ar an úsáid a bhaintear as íomhánna chun saol an spailpín in Éirinn na linne sin a léiriú Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-7 | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 | 0-3 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Ba théarma dímheasúil é '*spailpín fánach'* agus ag an am sin thugadh sé duine fíorbhocht chun cuimhne, fear a bhíodh ag déanamh obair feirme ar bheagán airgid, fear nach mbíodh mórán measa ag daoine air…
- Leis an íomhá *'ag seasamh ar mo shláinte'* cuirtear in iúl dúinn go mbíodh sé ag brath ar a shláinte chun maireachtála…
- Sa chéad véarsa tá íomhá den spailpín ag siúl amach go luath ar maidin is ag éirí breoite… '*ag bailiú galair ráithe'…*
- Insíonn sé dúinn go bhfuil sé ar intinn aige dul i bpáirt leis na *croppies* agus dul ag troid…'*cleith is píc chun sáite'* agus taispeánann sé sin chomh míshásta is a bhí sé lena shaol…
- Tagraíonn na logainmneacha sa dara véarsa do na háiteanna ina mbíodh a thriall agus é ag lorg oibre…théadh sé ar fud Chontae Thiobraid Árann agus chomh fada le Callainn fiú lena '*shúiste'* ina lámh aige…
- Tá sé bródúil as féin mar oibrí mar feiceann sé é féin '*ag dul chun tosaigh ceard leo'* nó ag obair níos fearr ná na spailpíní eile…
- Nuair a chuaigh sé go Durlas, is cosúil go raibh na daoine ag caitheamh anuas air, rud a ghoill go mór air…
- Faighimid íomhá den mhargadh híreála sa tríú véarsa agus mhóidigh sé nach rachadh sé ar ais ann go deo ag cur a shláinte i mbaol…
- *'Bodairí'* a ghlaonn sé ar na feirmeoirí saibhre a thagadh go dtí an margadh ag fostú spailpíní agus léiríonn an íomhá sin an fuath atá aige do na daoine seo…tagann siad ar a gcapaill mar ba shiombail stádais é an capall ag an am sin…bhí na feirmeoirí móra seo lán díobh féin agus ní raibh meas madra acu ar an spailpín…
- Ag deireadh an dáin, tá codarsnacht idir stádas agus cumhacht na bhfeirmeoirí móra agus leochaileacht an spailpín nach raibh de rogha aige ach dul ag siúl ar an turas fada i ndiaidh an bhodaire nuair a bhí sé *'hireálta'…*

**(ii)** Is é an spailpín féin atá ag caint go díreach linn sa dán seo. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Labhraíonn an spailpín go díreach linn agus tuigimid a phian agus a chruachás níos fearr mar sin…
- Músclaíonn sé trua ionainn dá chás…mothaímid ainnise shaol an spailpín agus é ag insint a scéil dúinn…blaisimid go díreach fulaingt an spailpín…
- Tugann a chuntas pearsanta beocht don dán agus tugann sé fírinne do na mothúcháin…
- Cabhraíonn sé linn dearcadh an spailpín a thuiscint mar feicimid an saol in Éirinn na linne sin trí shúile an spailpín…
- Tá an saol a chuireann sé os ár gcomhair níos inchreidte de bharr go gcuirtear síos air sa chéad phearsa…

**(iii)** Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn as an dán. **Eolas = 7 marc**

An mheadaracht a ainmniú = **2** mharc
An mheadaracht: amhrán **nó** bunaithe ar mheadaracht an amhráin **nó** meadaracht/véarsaíocht aiceanta **nó** ré-aithris ar an Ochtfhoclach
Pointe **amháin** eolais = **3** mharc
Rím…comhardadh deiridh…líon áirithe béimeanna (trí bhéim nó ceithre bhéim sna línte éagsúla)…uaim…
Sampla cruinn = **2** mharc
**Nóta:** Ainm na meadarachta mícheart **nó** gan aon mheadaracht ainmnithe, bronn **0** ar an bhfreagra.
Sampla cruinn gan aon phointe eolais leis, bronn **0** ar an sampla.

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**nó**

**(b) Colscaradh**

**(i)** 'Tugtar léiriú dúinn ar na difríochtaí idir tuiscint an fhir agus tuiscint na mná ar an bpósadh sa dán *Colscaradh*.' É sin a phlé. **Eolas = 13 mharc**

| Catagóir | Plé (13 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**

- Tá dearcadh traidisiúnta ag an bhfear ar an bpósadh agus dearcadh nua-aimseartha ag an mbean…
- Tá traidisiúin tábhachtach don fhear…ba mhaith leis fanacht gar dá mhuintir féin…teastaíonn ón mbean a bheith neamhspleách…ba mhaith léi leath na maoine a bheith aici…
- Teastaíonn ón bhfear go mbeadh atmaisféar suaimhneach socair agus grámhar ina theach…é ag socrú síos lena bhean agus lena pháistí i dteach compordach…bhí mianta na mná ag díriú ar an saol lasmuigh den bhaile…ag dul ar saoire, ag tuilleamh measa ó dhaoine eile…
- Samhlaíonn an fear áthas le tógáil páistí…dealraíonn sé nach bhfuil páistí ar a hintinn ag an mbean

go fóill…samhlaíonn sí í féin ag leanúint uirthi ag obair lasmuigh den teach chun go mbeadh a stádas féin/a saibhreas féin aici…

- Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil aon chomhthuiscint idir an bheirt faoi cad atá i gceist le bheith pósta…

**(ii)** Is é an file féin a insíonn scéal na lánúine dúinn sa dán seo. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = **5** mharc

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Tá an teicníc éifeachtach mar tugann sé léiriú oibiachtúil/neodrach/neamhchlaonta/fuarchúiseach dúinn ar an gcaidreamh atá ag an mbeirt acu le chéile…meon an fhile cothrom i leith na beirte…
- Tugann an file na fíricí dúinn a bhain le pósadh na beirte ach ní thugann sé aon bhreithiúnas orthu… ní chuireann sé an milleán ar cheachtar den bheirt acu…
- Cuireann sé na fíricí loma os ár gcomhair…cabhraíonn sé linn na fadhbanna a bhí acu a thuiscint… cabhraíonn sé linn an réiteach tobann a thuiscint leis mar toisc go bhfuil mianta an fhir agus luachanna na mná chomh fada óna chéile…níl aon réiteach ann dóibh ach scaradh óna chéile…

**(iii)** Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. **Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na trí phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn **0** ar an mír ar fad.
Ainm an fhile = Pádraig Mac Suibhne = **1** mharc

- Rugadh é in Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall sa bhliain 1942.
- Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa Stair in Ollscoil Mhaigh Nuad.
- Chuaigh sé le múinteoireacht agus ba phríomhoide é.
- Chaith sé seal ag aisteoireacht in Amharclann an Damer.
- Ghlac sé páirt sa dá shraith teilifíse *C.U. Burn* agus *Gleann Ceo* ar TG4.
- Cailleadh é i mí an Mhárta 2020.
- Tá trí chnuasach filíochta foilsithe aige: *Taibhsí an Chreagáin*, *Spaisteoireacht* agus *Solas Uaigneach.*
- Tá scéalta próis scríofa aige, ina measc, *An Teach Glas agus scéalta eile, An Coinín Cliste, An mhallacht* agus *Ned faoi bhinn.*

| Gaeilge | (5 mharc) |
| --- | --- |
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**
**(a)**

**(i)** Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

**(ii)** Cén mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

An mothúchán a lua = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais faoin mothúchán áirithe sin = **4** mharc
**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an mothúchán sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí an dáin.

| Pointe eolais | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**(iii)** Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.
Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán faoin teicníc sin. **Eolas = 7 marc**
An teicníc fhileata a lua = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**nó**

**(b)**

**(i)** Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

**(ii)** Cén teicníc fhileata is mó a théann i bhfeidhm ort sa dán seo? **Eolas = 5 mharc**
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)
An teicníc fhileata a lua = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

| Pointe eolais | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**(iii)** Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. **Eolas = 7 marc**
Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn **0** ar an mír ar fad.

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

| Ceist 4 | LITRÍOCHT BHREISE | 40 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha as an téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

| Catagóir | Eolas | 35 marc | 25 marc |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 30-35 | 22-25 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 25-29 | 18-21 |
| **Maith** | Plé maith ar an ráiteas<br>Insint mhaith ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 20-24 | 14-17 |
| **Measartha** | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 14-19 | 10-13 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-13 | 0-9 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**4A. An Triail**

'Sa dráma *An Triail,* teipeann ar roinnt mhaith de na mná tuiscint a léiriú ar chás an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh.'

Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar bheirt bhan, ar a laghad agus ar an gcaoi a dteipeann orthu tuiscint a léiriú ar chás an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh mar aon le samplaí cruinne, téagartha as an dráma mar thacú leis an bplé.

**Nóta:** Gan ach bean amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**

**Bean Uí Chathasaigh**: Níor thaispeáin Bean Uí Chathasaigh aon trócaire do Mháire in am an ghátair… nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire torrach, ní raibh ag cur imní uirthi ach go mbeadh sí náirithe os comhair na gcomharsan agus iad ag síneadh méire fúithi agus ag magadh fúithi dá rachadh sí ar aonach nó fiú chun an Aifrinn Dé Domhnaigh…faigheann sí deoch nimhe chun an ghin a mharú…diúltaíonn Máire an deoch a ól…'tá tú ceanndána chomh maith le bheith mígheanmnaí,' arsa an mháthair le Máire… lorgaíonn sí ainm an fhir, caithfidh siad pósadh agus dul go Sasana…cuireann sí mallacht ar a hiníon, ag tabhairt 'striapach' uirthi…shíl an mháthair gur thóg sí Máire go creidiúnach agus go críostúil… alltacht uirthi anois – í 'náirithe os comhair na gcomharsan'…cáineann sí a hiníon…'í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin'…'ní haon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan - rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine'…thréig sí a hiníon agus b'éigean do Mháire imeacht ón teach…diúltaíonn sí dá hiníon ar fhaitíos go mbeadh sí ag tarraingt náire orthu…níl puinn daonnachta sa mháthair agus teipeann uirthi aon chabhair a thabhairt dá hiníon…níos déanaí sa dráma nuair a bhí Máire ag caint leis an oibrí sóisialta, mhol sise di dul abhaile ach dúirt Máire gurbh fhearr léi í féin a bhá san abhainn seachas dul abhaile …tuigimid ó fhreagra Mháire nach raibh an rogha sin aici – go raibh uirthi an bóthar seo a thaisteal gan tacaíocht ó bhaile…fiú ag deireadh an dráma, níor léirigh an mháthair aon bhrón ná aiféala go raibh a haoniníon agus a gar-iníon marbh…chreid sí gur thóg sí Máire go creidiúnach agus go críostúil agus go raibh an locht uirthi féin faoinar tharla di…ní ghlacann sí aon mhilleán uirthi féin as bás truamhéalach Mháire…'cad eile a d'fhéadfainn a dhéanamh di?'…

**Bean Uí Chinsealaigh:** D'fhostaigh Bean Uí Chinsealaigh Máire den chéad uair tar éis di fógra ar an bpáipéar nuachta a fhreagairt…bhí sí lánsásta Máire a fhostú mar chúntóir tís ar dtús cé nach raibh teastas carachtair aici ach bhí sé deacair cailín aimsire a fháil ag an am sin…oibrí dian dícheallach ba ea í agus bhí na páistí sa teach ceanúil ar Mháire/bhí ardmheas ag a fear céile ar Mháire…nuair a fuair sí amach go raibh Máire torrach, níor fhéad sí fanacht chun an bóthar a thabhairt di de dheasca an scannail a chruthódh sé…chuir sí fios ar an oibrí sóisialta…nuair a d'fhiafraigh an t-oibrí sóisialta di an raibh aon seans go bhféadfadh sí Máire a choinneáil, ba é an freagra a thug sí ná cad a déarfadh na comharsana?…ní fhéadfadh sí a clann iníonacha a fhágáil 'i mbaol caidrimh lena leithéid'…bhí Bean Uí Chinsealaigh níos tógtha le tuairimí na gcomharsan ná le leas Mháire…tharraingeodh Máire náire ar a clann dá gcoimeádfadh sí í…nuair a chuir an t-aturnae i leith Bhean Uí Chinsealaigh go raibh sí lánsásta glacadh le Máire ar chostas níos ísle gan teastas/litreacha molta ach chomh luath is a chuala sí go raibh Máire torrach, theastaigh uaithi go bhfaigheadh an t-oibrí sóisialta tearmann di…nuair a bhí leanbh Mháire saolta bhí sí sásta Máire a fhostú arís ach gan an leanbh…ní fhéadfadh sí leanbh tabhartha a bheith sa teach aici…

**An tOibrí Sóisialta (Áine Ní Bhreasail):** Tá sí in ainm is a bheith ag cabhrú le cailíní atá torrach lasmuigh den phósadh ach is beag trua atá aici dóibh ná dá gcruachás…fuair sí áit do Mháire sa Teach Tearmainn agus í ag súil go gcuirfeadh Máire an leanbh suas le huchtú nuair a thiocfadh an t-am chuige…níor léirigh sí trua ar bith do Mháire nuair ba léir gur theastaigh ó Mháire an leanbh a choimeád…rinne sí a dícheall chun intinn Mháire a athrú agus chuir sí brú ar Mháire na cáipéisí a shíniú a thabharfadh cead do na húdaráis an páiste a thabhairt do thuismitheoirí eile…dúirt sí le Máire gur chóir di a bheith buíoch

go raibh na tuismitheoirí eile sásta Pádraigín a thógáil…dúirt sí go raibh Máire leithleasach agus nach é leas a linbh a bhí uaithi ach an leanbh a choimeád mar bhábóg…nuair nach scarfadh Máire leis an leanbh, dúirt sí go raibh Máire 'stuacach, ceanndána'…

**Na mná sa teach lóistín:** Fiú bean an tí lóistín ina raibh Máire agus Pádraigín ar lóistín agus mná na comharsnachta, ba léir nach raibh meas dá laghad acu ar Mháire ná ar Phádraigín mar go raibh a fhios acu gur chailín neamhphósta í Máire agus gur leanbh tabhartha í Pádraigín…na mná sa teach lóistín diúltach i leith Mháire…ceapadh go raibh Máire 'neamhchairdiúil/neamhmhuinteartha, í mór inti féin, rómhór dá bróga'…

**Mailí:** Bhí sí éagsúil leis na mná eile…bhuail sí le Máire sa teach tearmainn…chonaic sí go raibh Máire neamhurchóideach…níor chreid sí nach mbeadh Máire sásta a páiste a chur ar altramas…ach fós í ceanúil ar Mháire…thaispeáin sí cineáltas do Mháire nuair a thit an teach lóistín anuas uirthi agus ar a hiníon…bhí sí sásta Máire agus a hiníon a thabhairt chuig a teach féin, teach nach mbeadh 'doicheallach' rompu…'is sinne do chairde' arsa Mailí agus í ag tagairt di féin agus do Sheáinín an Mhótair…thuig sí cé chomh dílis is a bhí Máire dá leanbh…'ní cheadódh sí an leanbh as a radharc'…

## 4B. A Thig Ná Tit Orm

'Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, is cuimhní dearfacha den chuid is mó atá ag Maidhc ar a óige ag fás aníos sa Ghaeltacht.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé cuimsitheach a dhéanamh ar na cuimhní dearfacha/taitneamhacha atá ag Maidhc ar a óige mar aon le samplaí cruinne, téagartha ón dírbheathaisnéis mar thacú leis an bplé.

**Nótaí tacaíochta**

- An chéad Luan de Mheán Fómhair 1947, mhothaigh sé neirbhíseach faoi dhul ar scoil an chéad lá sin…bríste glan is léine air…nigh a mháthair a aghaidh le tuáille garbh agus gallúnach chomónta…sháigh sí cúinne an tuáille isteach ina chluasa…níorbh fhada gur chuir sé aithne ar mhórán de na daltaí eile…ní raibh aon luí rómhór aige leis na ceachtanna ach bhí air rud éigin a dhéanamh nó bheadh sé 'in uisce fiuchaigh leis an máistreás'…baisteadh 'Siúit' mar leasainm air…tugann sé cuntas beoga dúinn ar an gcéad bhabhta troda a bhí aige le Tomás ó Chathair Scoilbín…bhain sé taitneamh as na cluichí caide ar an mbóthar cé nach raibh rialacha ná trealamh ceart ag na himreoirí…clocha ag 'marcáil na mbáidí' acu…ní bhíodh aon réiteoir i bhfeighil na gcluichí…bhíodh achrann ann mar gheall ar an scór…insíonn sé dúinn faoin meas a bhíodh ag daoine ar na tincéirí…an seanduine ag déanamh na sáspan as an stán…bean an tincéara ag róstadh rud éigin sa chorcán ar an tine oscailte…caitheadh an scraithín isteach ina corcán…ceithre bhuille an duine a thug an máistir do na daltaí…is cuimhin le Maidhc an cód a bhí i measc na ndaltaí gan sceitheadh go deo ar éinne…is cuimhin leis cuairt an chigire uair sa bhliain, na hullmhúcháin a bhí ar siúl roimh ré nuair a cuireadh an tslat fuinseoige agus an spúnóg *cocoa* i bhfolach…bhain sé sult as an bhfreagra gáirsiúil a thug Uinseann ar an gcigire mar mhíniú ar an seanfhocal…
- Thaitin sé go mór le Maidhc nuair a thagadh Grae chuig an teach ag bothántaíocht…an chuideachta…an chlann suite timpeall na tine ag éisteacht le Grae ag seanchaíocht…scéaltaseoighe/iontais/iascaigh á n-insint aige…fiú nuair a cuireadh Maidhc chun na leapan, thagadh sé ar ais ag éisteacht ag poll na heochrach, rud a léiríonn cé chomh mór is a bhí a chuid spéise sna heachtraí a bhíodh á n-insint ag Grae…an raidió…lá an *All-Ireland*…
- Cé nár thaitin an fhoghlaim agus an scolaíocht le Maidhc agus go raibh drogall air tabhairt faoin gcoláiste oiliúna mar a theastaigh óna thuismitheoirí, fós d'aithin sé an tairbhe a bhí le baint as an gceardscoil…an chuideachta a bhíodh acu sa charr ag dul don Daingean…na hábhair…bhíodh sé sáite sna himeachtaí a bhíodh ar siúl sa cheardscoil…an chaid…é ar fhoireann na ceardscoile a bhuaigh Craobh an Chontae den chéad uair…múnlú na naomhóige…b'aoibhinn leis am lóin nuair a thugadh

sé féin is a chairde cuairt ar shiopa Mhaidhcín Fuacht…

- Is cuimhin leis na slite a bhí acu chun fiacha na dtoitíní a fháil…é féin agus Eddie Hutch ag bailiú butaí a bhíodh fágtha lasmuigh de Halla an Pharóiste maidin Dé Luain tar éis rince na hoíche roimhe sin…bainisteoir na huachtarlainne ag gearán go raibh sicíní sna huibheacha a dhíol Maidhc leis…
- Is cuimhin le Maidhc iascaireacht mhídhleathach na mbradán…an scéal faoina athair ag titim san abhainn, a phíp fós ina dhraid aige agus é ar thóir an bhradáin…na gardaí ag faire na habhann… na buachaillí ag gearradh agus ag díol na gruaige ó eireaball agus ó mhoing an chapaill…
- Bhí dúil mhór ag Maidhc sa cheol…Cox of Kilcock…an bosca Horner…chabhraigh a mháthair leis féin agus lena dheartháir, Páidí, chun an bosca ceoil a cheannach…an bród a bhí ar Mhaidhc agus é ag insint dúinn gur sheinn a athair cúpla port ar an mbosca cé nach raibh a fhios ag éinne go raibh an cumas sin ann…ag éisteacht le Seán Ó Domhnaill…d'fhoghlaim Maidhc roinnt port as a stuaim féin…chuir an ceol ar a chumas post a fháil ag seinm ag na céilithe beaga ar na cúrsaí Gaeltachta sna tráthnónta tar éis obair feirme a dhéanamh i rith an lae…nuair nár iompaigh cúrsaí amach mar a bhí beartaithe aige…an plean le hEibhlín agus an dréimire…feiceann sé an taobh greannmhar den scéal…gheall sé nach rachadh sé ar ais go dtí an teach sin arís fiú dá mbeadh Elizabeth Taylor ag feitheamh leis…

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

'Tá an choimhlint agus an áibhéil ag baint le cuid mhór de na heachtraí sa *Tóraíocht*.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas: an choimhlint agus an áibhéil
**Nóta:** Gan ach gné amháin pléite sa fhreagra, tá an plé easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Bíonn coimhlint ar siúl i gcroí Dhiarmada ó thús…conas is féidir leis a dhualgas agus a dhílseacht d'Fhionn a chomhlíonadh tar éis do Ghráinne é a chur faoi gheasa…
- An tóraíocht ó dheas i dtreo Luimnigh ach Diarmaid fós gan teagmháil ná baint le Gráinne agus píosa feola mar chomhartha d'Fhionn agus do na Fianna...
- Tharla coimhlint idir Gráinne agus Diarmaid agus é ag iarraidh a haigne a athrú…'do b'fhearr duit Fionn mac Cumhaill mar leannán agat ná mé féin' a dúirt sé léi agus é ag iarraidh a áiteamh uirthi filleadh ar Fhionn…ní raibh aon chuimhneamh ag Gráinne a leithéid a dhéanamh, áfach, mar gur duine ceanndána, leithleasach í…
- Bíonn Fionn ar mire le fearg agus ite le héad nuair a thuigeann sé go bhfuil Gráinne tar éis éalú le Diarmaid…téann sé sa tóraíocht láithreach orthu…
- Bíonn coimhlint le sonrú idir cairde Dhiarmada agus Fionn nuair a dhéanann siad a ndícheall cabhrú le Diarmaid i gcoinne Fhinn…an chleasaíocht i nDoire Dá Bhaoth, an chleasaíocht le Rí-Fhéinithe Mhara nIocht…sárú an tSearbháin Lochlannaigh…marú na naoi nGarbh…
- Úsáidtear an choimhlint chomh maith chun dea-thréithe Dhiarmada a chur i gcodarsnacht le fealltacht agus gliceas Fhinn…le linn an chluiche fichille ag an gcaorthann nuair a cheistigh Fionn an aige féin nó an ag Oscar a raibh an ceart faoi Dhiarmaid a bheith ag barr an chaorthainn, d'fhreagair Diarmaid go macánta go raibh an ceart ag Fionn…
- Bíonn an chosúlacht ar an scéal go dtagann deireadh leis an gcoimhlint nuair a dhéanann Aonghus an Bhrogha síocháin idir na páirtithe…
- Ach bíonn olc ina chroí fós ag Fionn do Dhiarmaid, rud a fheictear nuair a bheartaigh sé tús a chur le seilg Thorc Bhinne Gulban d'aonghnó agus a fhios go maith aige go raibh Diarmaid faoi gheasa gan seilg mhuice a dhéanamh…
- Ag deireadh na Tóraíochta, feictear crógacht Dhiarmada agus é ag fiosrú ghuth an ghadhair… an tseilg sin beartaithe ag Fionn d'aonghnó mar go raibh olc ina chroí do Dhiarmaid fós…nuair

a d'inis Fionn an scéal do Dhiarmaid faoi conas a tharla sé go raibh sé faoi gheasa gan seilg mhuice a dhéanamh, ghlac Diarmaid lena chinniúint agus chuir sé troid go cróga ar an torc: 'más ann atá i ndán domsa bás d'fháil níl feidhm agam a sheachna,' a dúirt sé…

- Tá an áibhéil le feiceáil sa chleasaíocht i nDoire Dá Bhaoth, Rí-Fhéinithe Mhara nIocht, sárú an tSearbháin Lochlannaigh, marú na naoi nGarbh…ní bheadh ar Dhiarmaid na dúshláin agus na coimhlintí sin a tharraingt air féin murach an gheis a chuir Gráinne air…
- Is pearsa áibhéileach é Aonghus an Bhrogha…cumhachtaí draíochta aige…
- Glacann an áibhéil páirt lárnach i mbás Dhiarmada agus conas gurbh ionann saol Dhiarmada agus saol Thorc Bhinne Gulban…tá áibhéil ann sa mhéid is go raibh ar chumas Fhinn Diarmaid a shábháil ach deoch uisce óna lámha a thabhairt dó ach ba leasc leis é a dhéanamh…

**4D. Gafa**

'Tá an míshuaimhneas agus an mhímhacántacht le brath go minic sa chaidreamh idir na carachtair (na pearsana) éagsúla sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.'

Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Nótaí tacaíochta**

- Tá sé soiléir go bhfuil Eithne ag éirí tinn tuirseach de bheith ag freastal ar Eoin…aimsíonn sí na giuirléidí '*a bhaineann siar aisti'*…an trealamh drugaí ceilte i stoca faoi leaba a mic…ba í an tsnáthaid is mó a chuir sceon uirthi…
- Nuair a thagann Eoin abhaile luath ón scoil tá sé ar nós cuma leis le hEithne…tugann sé 'Froggy' ar a mhúinteoir Fraincise cé go bhfuil a fhios aige nach dtaitníonn a leithéid d'ainm magaidh lena mháthair…glaonn sé '*cráiteoir seanfhaiseanta'* uirthi féin…
- Ní hamháin go ndearna Eoin praiseach den scoilbhliain roimhe sin ach ní raibh mórán d'iarracht á déanamh aige anois ach oiread – rud eile a chuireann buairt ar Eithne agus is é seo is cúis le '*cúlú sa cheangal'* eatarthu…
- Brostaíonn Eoin amach arís…fágann sé Eithne bhocht ag caoineadh…'*a colainn faoi ghréim éinirt aisteach éigin'…*
- An oíche chéanna…Breandán sáite san Irish Independent…scamall ar chroí Eithne…í '*ina príosún beag féin'* ag faire ar a clann agus a bhfuil aimsithe aici faoi leaba Eoin ag cur scamaill ar a croí…
- Bíonn Eoin agus Breandán róthógtha suas lena scéiméireacht féin chun smaoineamh ar Eithne – a fhios ag Eoin gur féidir leis '*an seanleaid a scrios'* lena bhfuil ar eolas aige faoi Bhreandán agus a bhean luí, Amy…
- Tá easpa cumarsáide sa ghaol idir Eithne agus Breandán…ní mhothaíonn Eithne go bhfuil sí in ann ábhar a himní a ligean le Breandán…tá a haghaidh casta le fuaire an bhalla – '*a hintinn ciaptha'…*nuair a dhéanann sí iarracht bheag labhairt leis, freagraíonn sé go borb í: '*nach féidir labhairt faoi seo ar maidin'…*
- Méadaítear ar bhuairt Eithne nuair a thagann Eoin abhaile ag uair mharbh na hoíche…sásaíonn sé Breandán nuair a dhéanann sé amach nach raibh Eoin ag ól – é sásta a chreidiúint go saonta nach raibh tada ar siúl ag Eoin agus Cillian ach ag éisteacht le ceol…níor mhian leis olc a chur ar a mhac chun a rún féin a chosaint…
- Ag an mbriseadh lártéarma feicimid Eithne i mbun obair tí mar is gnách fad is atá Breandán ag fógairt go bhfuil sé ar intinn aige bailiú leis chun cúpla lá a chaitheamh lena dheartháir – le hAmy, ar ndóigh cé nach fios seo d'Eithne…tá áthas air go bhfuil sos, saoirse agus faoiseamh ó na bligeaird ar scoil aige…is beag de na trí rud sin atá ag Eithne le tamall anuas…aon uair a rinne sí iarracht cúis a himní a phlé le Breandán bhí rud éigin níos práinní idir lámha aige…
- Fiú nuair nár fhill Eoin abhaile níor mhothaigh Eithne go raibh sí ábalta glaoch ar Bhreandán i dtigh 'a dhearthár'…thit an lug ar an lag aici an oíche chéanna nuair a fuair sí Eoin sínte ar an tairseach agus '*idir fhaitíos agus chaoineadh ag méadú inti'…*b'éigean di aghaidh a thabhairt ina haonar

ar '*rian na snáthaide i lúb na huillinne air'…*

- Nuair ab éigean don triúr acu freastal ar an gcomhairleoir, ba í Eithne an t-aon duine a ghlac leis an bpróiseas…bhí '*rian na mífhoighne ar éadan Bhreandáin'* agus bhí Eoin ar a dhícheall ag iarraidh beag is fiú a dhéanamh den rud ar fad…
- Tá greim scórnaí ag Eoin ar Bhreandán…a fhios ag Eoin nach lena dheartháir a chaith Breandán na laethanta saoire ach le hAmy…tá Breandán ag iarraidh a chiontacht féin in andúil Eoin a sheachaint…ní raibh spéis ag Breandán i gcruachás a mhic…€150 in aghaidh na seachtaine á chur ag Breandán i gcuntas Eoin sa bhanc…
- Níor fhoghlaim aon duine ón gcomhairleoir ach amháin Eithne…d'fhoghlaim sí conas na nithe beaga a ligean le sruth ina caidreamh le hEoin…faoin am a thagann saoire na Nollag tá sé '*ag dul dian uirthi gan an bloc a chailliúint leis'…*éiríonn sé ina argóint eatarthu nuair a úsáideann sé drochchaint éigin agus buaileann sí buille sa leiceann air…tar éis na heachtra seo, fágtar Eithne '*ina haonar ar an uile bhealach'…*Breandán giorraisc léi, gan aon spéis a thuilleadh aige i rud ar bith a dhéanamh ina teannta…oíche a hargóna le hEoin cuireann Breandán glaoch abhaile ag insint na mbréag arís… go raibh sé ag dul ag ól lena chomhrádaithe ón scoil…bíonn ar Eithne an t-ualach ar fad a iompar ina haonar…Eithne '*ag smaoineamh, ag múscailt na gcuimhní, ag cíoradh na ceiste'* gan stad… Breandán agus Amy le chéile i mbeár chlub oíche an Esquire ar a dó a chlog ar maidin agus nach cás do Bhreandán ar chor ar bith é gur inis sé an bhréag lom d'Eithne ar an bhfón tamall gairid roimhe sin…Breandán ar nós cuma leis faoi fhadhb Eoin…
- Nuair a ghlaoigh Eithne ar thigh Joe ag lorg Bhreandáin, feictear cur i gcéill agus bréaga Bhreandáin arís…nuair a tháinig Breandán abhaile an mhaidin sin, bhí Eithne as a meabhair le himní toisc nach raibh tásc ná tuairisc ar Eoin ón tráthnóna roimhe sin…ar a chás féin a bhí Breandán ag smaoineamh… Breandán faillíoch i leith fhadhb a mhic…

**4E. Canary Wharf**

'Sa scéal *Cosaint Sonraí*, tugtar léiriú dúinn ar an teannas sa chaidreamh idir Leanóra, an maor foirne, agus Gráinne.'

Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Nótaí tacaíochta**

- Is breá le Leonóra an saol bog – tá sí in éad le Seán a bhfuil lá saor aige…ba bhreá le Leonóra lá saor chun crochadh timpeall ina hárasán breá te ina culaith oíche go dtí a trí a chlog…
- Bhí lá oibre déanta ag Gráinne…í 'sáite in obair na maidine' faoin am a phlab Leonóra í féin in aice léi…bhí Gráinne gnóthach leis an liosta míosúil de na tithe nach raibh an bille íoctha acu…
- Bhí Gráinne díograiseach, feidhmiúil i dtaobh na hoibre…ní raibh Leonóra ach ag cabaireacht agus ag cur am amú…d'fhágadh sí an oifig gach tráthnóna chomh tapa agus ab fhéidir léi…níor bhac sí riamh leis an ríomhaire féin a mhúchadh…
- Thug Leonóra gach aire di féin…ag geonaíl faoina méara 'sioctha ag an bhfuacht', ag dul ar thóir *latte* sula dtosnódh sí…an rud is mó suim léi ná an meaisín nua caife sa cheaintín…
- Bhí Gráinne fuinniúil bríomhar…an *Polar Challenge* idir lámha aici – ba bhreá léi dúshlán a chur roimpi féin, rud nár thuig Leonóra…'cén fáth ó thalamh an domhain' a mbeadh dúil ag duine ina leithéid, dar léi…cheap Leonora go raibh Gráinne 'craiceáilte'…níor thuig sí cén fáth nach raibh gnáthchaitheamh aimsire aici…
- Duine domhain tuisceanach ba ea Gráinne…thuig sí go raibh roinnt daoine, seandaoine ach go háirithe, a raibh deacrachtaí airgeadais acu agus nach raibh ábalta na billí gáis a íoc…bhí comhbhá ag Gráinne le daoine mar sin…theastaigh uaithi rabhadh a thabhairt do Mhuintir Hilliard go rabhthas chun an soláthar gáis a ghearradh orthu…
- Gligín baoth ba ea Leonóra a bhí beag beann ar mhothúcháin daoine eile…is cuma léi faoi na daoine nach raibh in ann na billí gáis a íoc…ní raibh uaithi ach í féin a chosaint agus cloí go docht

leis na rialacha…'ní ceart duit ligean do do thuairimí féin nó pé cairde pearsanta atá agat cur isteachar do chuid oibre,' a d'fhógair sí le Gráinne…thuig Gráinne nach raibh tairbhe ar bith le baint as a cuid tuairimí a nochtadh…theastaigh ó Ghráinne imeacht ó Leonóra 'ón gcailleach mhailíseach'…gan aon bhuille oibre déanta ag Leanóra ó tháinig sí isteach san fhoirgneamh ar maidin…

- Maor oifige ba ea Leonóra a bhain taitneamh rómhór as an mbeagán cumhachta a bhí aici, dar le Gráinne…mheas Leonóra í féin go raibh sí 'ag druidim le post bainistíochta'…murab ionann is Gráinne a bhí solúbtha umhal, bhí Leonóra údarásach, ceannasach, dolúbtha…ní bheadh sí sásta na rialacha a lúbadh beagán chun cabhrú le muintir Hilliard…
- 'Dá mbeifeása i do stiúrthóir anseo, bheimis ar fad ag fágáil slán lenár dtuarastal,' a dúirt Leonóra os ard go magúil le Gráinne...is duine fonóideach, mórchúiseach í Leonóra i gcomparáid le Gráinne atá modhúil, measartha…
- Labhraíonn Leonóra go díspeagúil le Gráinne: 'An liosta? Maith an cailín! Déanta agat cheana féin'…
- Nuair nach féidir le Gráinne logáil isteach sa lár-ríomhaire, bhain Leonóra sásamh as a rá léi: 'Gan amhras beidh bealach isteach agat. Tríomsa'…bíonn sí ag maíomh gur cuireadh ar an eolas í roimh na hoibrithe eile mar gur duine sinsearach í…

**4F. Dánta Breise** – **Caoineadh Airt Uí Laoghaire**

Freagair **(i)**, **(ii)** agus **(iii)**.

**(i)** Sa dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*, tugtar léiriú dúinn ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar an mbuille tubaisteach a bhuail a bhás siúd uirthi féin agus ar a mbeirt mhac.' É sin a phlé.

**Eolas = 17 marc**

| **Catagóir** | **Eolas** | **(17 marc)** |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar an mbuille tubaisteach a bhuail a bhás uirthi féin agus ar a mbeirt mhac<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don dán<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 15-17 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar an mbuille tubaisteach a bhuail a bhás uirthi féin agus ar a mbeirt mhac<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha an-mhaith don dán<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 12-14 |
| **Maith** | Plé maith ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar an mbuille tubaisteach a bhuail a bhás uirthi féin agus ar a mbeirt mhac<br>Tuiscint mhaith léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí ábhartha, téagartha maithe don dán | 9-11 |
| **Measartha** | Plé measartha ar ghrá Eibhlín d'Art Ó Laoghaire agus ar an mbuille tubaisteach a bhuail a bhás uirthi féin agus ar a mbeirt mhac<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-8 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Nótaí tacaíochta**

- Tá dianghrá Eibhlín d'Art soiléir sa dán…glaonn sí ainmneacha ceana air mar shampla…*Mo ghrá go daingean tú/Mo chara go daingean tú/A mhuirnín mh'anama…*
- Bhí sí dúnta i ngrá leis ón gcéad lá a chonaic sí é…is cuimhin léi é go beacht – bhí sé ag *'ceann tí an mhargaidh'…*thit sí i ngrá leis láithreach agus bhí sí sásta a clann agus a cairde a fhágáil chun éalú leis i bhfad ó bhaile…
- Fógraíonn sí go hoscailte nach raibh aiféala uirthi faoina rogha fir…chaith Art go fial léi…mhaisigh sé an teach di…flúirse bia aici…leaba chompordach clúdaithe le clúmh lachan aici…ní raibh aon bhrú uirthi éirí go luath…bhí Art go maith as agus ní raibh aon cheal orthu…
- Cuimhníonn sí ar dhathúlacht Airt…é gléasta suas go péacach le hata a raibh ribín óir air…bhíodh sé ag dul timpeall go bagrach ar a chapall agus ag cur eagla ar a naimhde…d'iompair sé claíomh agus scanraigh sé daoine lena chuid geáitsí…ba ghalánta an radharc é agus bhíodh fiú na Sasanaigh ag umhlú síos go talamh dó…
- Tá an cur síos ar conas a inseoidh sí dá mbeirt mhac go bhfuil a n-athair marbh an-truamhéalach …beidh na buachaillí beaga ag fiafraí di cár fhág sí a n-athair agus beidh uirthi a rá leo faoi bhrón gur fhág sí é i gCill na Martar…briseadh croí na mac sna línte *Glaofaidh siad ar a n-athair/Is ní bheidh sé acu le freagairt…*
- Toisc go raibh Eibhlín chomh mór i ngrá le hArt, chreid sí go raibh sé dochloíte…níor chreid sí é nuair a chonaic sí a chapall ag filleadh abhaile fuilsmeartha gan a mharcach...
- Bhí Eibhlín cosúil le bean mhire agus thóg si trí léim ar mhuin a capaill ag brostú chun na háite ina raibh a fear céile ina luí marbh…chuir sé uafás uirthi go bhfuair sé bás gan sagart…d'ól sí fuil Airt ionas go mbeadh cuid di i gcónaí aici mar bhí grá chomh mór sin aici d'Art…labhraíonn Eibhlín go díreach le corp a fir mhairbh ag cur a grá in iúl agus í ag iarraidh a tocht bróin a chur di…

**(ii)** Tabhair sampla **amháin**, **i d'fhocail féin**, den atmaisféar drámatúil sa dán. Is leor **dhá** phointe eolais as an dán faoin sampla sin. **Eolas = 9 marc**

Sampla den atmaisféar drámatúil = **1** mharc
Pointe eolais **1** = **4** mharc
Pointe eolais **2** = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**Samplaí**

- Tá drámatúlacht sna línte ina bhfuil cur síos ar an gcéad uair a chonaic Eibhlín Art…ba chosúil gur thit sí i ngrá leis láithreach…d'éalaigh sí óna muintir agus óna cairde féin chun Art a phósadh… b'éigean di íobairtí a dhéanamh agus dul i bhfad ó bhaile leis…
- Tá an cur síos ar Art agus ar a gheáitsí drámatúil…'Rompsáil bhagartach'...na Sasanaigh ag umhlú síos go talamh dó…ba ghalánta an duine é…is féidir é a shamhlú ag marcaíocht timpeall go mórtasach ag cur oilc ar a naimhde…
- Tá na línte a chuireann síos ar an tslí a bhfuair Eibhlín amach go raibh Art marbh drámatúil…an cur síos cumasach ar chapall Airt ag filleadh abhaile fuilsmeartha gan a mharcach…
- Tá drámatúlacht ag baint leis an tslí a labhraíonn Eibhlín go díreach le hArt faoi mar dá mbeadh sé fós beo...
- Tá an cur síos ar fhreagairt Eibhlín ar fheiceáil chapall Airt ag filleadh gan marcach an-drámatúil…

bhí a fhios aici láithreach cad a bhí tar éis tarlú agus tháinig líonrith uirthi…thug sí léim go tairseach, an dara léim go geata agus an tríú léim ar an gcapall chun go dtabharfadh sé chuig Art í…Eibhlín ag ól fhuil an duine mhairbh thar a bheith drámatúil…

**(iii)** Scríobh síos tréith **amháin** de chuid Airt. Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán faoin tréith sin.

**Eolas = 9 marc**

An tréith a lua = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**Nótaí tacaíochta**

- Fear fíordhathúil, rómánsúil, mealltach…an tslí a raibh sé gléasta an chéad uair a chonaic Eibhlín é…
- Fear díomasach/sotalach/gáifeach/uaibhreach/uasal ba ea é…hata péacach le ribín óir air…
- Fear flaithiúil ba ea é…chaith sé go fial le hEibhlín…seomraí a phéinteáil, neart le hithe aici…
- Bhí ‘claíomh cinn airgid’ aige a léirigh a chrógacht, a ghaisciúlacht agus an eagla a chuir sé ar a naimhde…léirigh sé bród agus mórtas lena ‘lámh dheas chalma’…
- Bhí sé dána/meargánta/misniúil/fearúil…bhí ‘rompsáil bhagarthach’ar siúl aige…geáitsíocht bhagrach d’fhonn eagla a chur ar a naimhde…bhí a naimhde ag géilleadh dó agus bhí eagla orthu roimhe…
- Bhí saibhreas Airt feiceálach…níor cheil sé é…bhí capall breá aige ag pramsáil timpeall…claíomh cinn airgid agus éadaí galánta…
- Duine dílis, grámhar ba ea é…

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh leis:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge:**

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM'** a chur ar Pháipéar 1 ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar 2 nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe.